



ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2014

Matamaitic

Aonad Measúnaithe C2

ag measúnú

Modúl C2: AS Croímhámatamaitic 2

[AMC21]



DÉ HAOINE 6 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.

Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

Taispeán go soiléir forbairt iomlán do fhreagraí.

Ba cheart na freagraí a thabhairt ceart go dtí trí fhiúr bhunúsacha mura ndeirtear a mhalairt.

Tá cead agat áireamhán grafach nó eolaíoch a úsáid sa pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Tá cónaí den **leabhrán Foirmí Matamaitice agus Táblái** ar fáil.

Síos tríd an pháipéar seo is é lnz an nodaireacht logartamach a úsáidtear áit a dtuigtear go bhfuil $\ln z = \log_e z$

Freagair gach ceann de na hocht gceist.

Taispeáin go soiléir forbairt iomlán do fhreagraí.

Ba chóir freagraí a thabhairt ceart go dtí trí fhigiúr bhunúsacha mura ndeirtear a mhalaire.

1 (a) Is iad an chéad chuíg théarma i seicheadm ná

$$\frac{2}{1}, \frac{3}{4}, \frac{4}{9}, \frac{5}{16}, \frac{6}{25} \dots$$

(i) Scríobh an chéad téarma eile sa tseicheadm seo. [1]

(ii) Scríobh, i dtéarmaí n , foirmle don nú téarma den tseicheadm seo. [2]

(iii) Luaigh cé acu a choinbhéirsíonn nó a dhibhéirsíonn nó a ascaláíonn an seicheadm seo. [1]


(b) Faigh comhéifeacht x^5 san fhorbairt dhéthéarmach de

$$(3 - x)^7$$
 [4]

2 Faigh

$$\int \frac{16}{x^2} + x^{\frac{1}{3}} + 9x - 7 \, dx$$
 [5]

- 3 Rinne suirbhéir sceitse de phaiste talamh fásáigh, ABCD, mar a thaispeántar in **Fíor 1** thíos.



Fíor 1

Tá na pointí A, B agus E ar an líne dhíreach chéanna.

Déanann sé na tomhais seo a leanas a thaifeadadh:

$$AB = 4.9 \text{ km}$$

$$AD = 5.4 \text{ km}$$


$$BC = 2.1 \text{ km}$$

$$\text{uillinn } DAB = 35^\circ$$

$$\text{uillinn } CBE = 50^\circ$$


- (i) Faigh fad DB. [2]
- (ii) Faigh uillinn ABD. [2]
- (iii) Faigh achar an talaimh fásáigh ABCD. [4]

- 4 (a) Tá dronchón ciorclach ann dar bonngha r , agus claonairde l , mar a thaispeántar in **Fíor 2** thíos.



Fíor 2

Is féidir achar dromchla cuartha an chóin seo a oscailt amach le teascóig de chiorcal a dhéanamh mar a thaispeántar in **Fíor 3** thíos.



Fíor 3

Iompraíonn gathanna na teascóige seo uillinn θ raidian ag a láir.


- (i) Faigh θ , i dtéarmaí π , r agus l . [3]
- (ii) Uaidh sin taispeáin go bhfuil achar dromchla cuartha cóin á thabhairt ag πrl . [2]

(b) Tá lár an chiorcail

$$x^2 - 6x + y^2 + 10y + 18 = 0$$

ag an phointe C.

Buaileann tadhlaite a tharraingítear ón phointe A (-2, 4) leis an chiorcal ag na pointí B agus D faoi seach, mar a thaispeántar in **Fíor 4** thíos.



Fíor 4

Faigh achar na heitleoige ABCD.

[7]

5 (a) Is é 100 an chéad téarma agus is é $\frac{3}{5}$ an comhíolraitheoir de sheicheadh iolraíoch.

(i) Faigh an 16ú téarma den tseicheadh seo. [2]

(ii) Faigh suim go héigríoch an tseichimh seo. [2]


(b) Is é a an chéad téarma agus is é r an comhíolraitheoir de sheicheadh iolraíoch.
Cruthaigh gurb é suim an chéad n téarma ná

$$S_n = \frac{a(1 - r^n)}{1 - r} \quad [6]$$

6 Taispeántar graif na gcuar

$$y = x^2 \text{ agus } y = 8\sqrt{x}$$

in **Fíor 5** thíos.



Fíor 5

Trasnaíonn na cuair ag an phointe A.


(i) Faigh comhordanáidí A.

[3]

Chruthaigh ionad garraíodóireachta lógó tríd an achar idir na cuair

$$y = x^2 \text{ agus } y = 8\sqrt{x}$$

a fhritheamh san y-ais, mar a thaispeántar scáthaithe in **Fíor 6** thíos.



Fíor 6

(ii) Faigh achar an lógó.

[7]

7 (a) Réitigh an chothromóid

$$4 - \sin \theta = 6 \cos^2 \theta$$

$$\text{do } 0^\circ \leq \theta \leq 360^\circ$$

[7]

(b) Cruthaigh an chéannacht

$$\tan \theta + \frac{1}{\tan \theta} \equiv \frac{1}{\sin \theta \cos \theta} \quad [5]$$

8 Réitigh na comhchothromóidí

$$\begin{aligned} \log_4 x + \log_4 y &= 2 \\ \log_9 x - \log_9 y &= -\frac{1}{2} \end{aligned}$$

[10]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR
